Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7744/26**

**AG 55**
**INST 119**
**SOC 177**
**TRANS 204**
**CLIMA 178**
**FISC 125**
**AVIATION 57**
**MI 320**
**FREMP 124**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2014 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 25.3.2026 maidir leis an iarraidh ar chlárú, de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘Córas iompair tapa, áisiúil, inacmhainne agus, thar aon ní eile, neamhdhíobhálach don aeráid, do na hEorpaigh uile’ |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2014 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2014 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.3.2026
C(2026) 2014 final

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

**an 25.3.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú, de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘Córas iompair tapa, áisiúil, inacmhainne agus, thar aon ní eile, neamhdhíobhálach don aeráid, do na hEorpaigh uile’**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25.3.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú, de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Córas iompair tapa, áisiúil, inacmhainne agus, thar aon ní eile, neamhdhíobhálach don aeráid, do na hEorpaigh uile'**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[1], agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Feabhra 2026 cuireadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Córas iompair tapa, áisiúil, inacmhainne agus, thar aon ní eile, neamhdhíobhálach don aeráid, do na hEorpaigh uile' faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Is é is aidhm don tionscnamh, mar a chuir na heagraithe in iúl é, a iarraidh ar an gCoimisiún 'fíor-rogha mhalartach ar an eitlíocht a dhéanamh den taisteal traenach trí líonra agus eagraíocht láidir mhór-roinn na hEorpa a chruthú, agus trí dheireadh a chur le míchothromaíochtaí sa mhargadh'. Go sonrach, molann na heagraithe an méid seo a leanas: cáin breosla eitlíochta a thabhairt isteach ar fud an Aontais (dleacht mháil ar cheirisín); deireadh a chur le díolúintí CBL agus praghsáil chóir a thabhairt isteach agus ioncam a leithdháileadh ar eagraíocht iarnróid Eorpach láidir a bhfuil údarás forleathan aici.

(3) Measann an Coimisiún gur féidir leis glacadh le tograí le haghaidh gníomhartha dlí chun dleacht mháil ar cheirisín a thabhairt isteach, deireadh a chur le díolúintí CBL agus ioncam a leithdháileadh ar eagraíocht iarnróid Eorpach láidir a bhfuil údarás forleathan aici ar bhonn Airteagail 113 agus 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(4) Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(5) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh

---

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj

phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(6) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(7) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Córas iompair tapa áisiúil, inacmhainne agus, thar aon ní eile, neamhdhíobhálach don aeráid, do na hEorpaigh uile' a chlárú.

(9) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is iad an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus iadsan amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Córas iompair tapa áisiúil, inacmhainne agus, thar aon ní eile, neamhdhíobhálach don aeráid, do na hEorpaigh uile'.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo dírithe ar an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Córas iompair tapa áisiúil, inacmhainne agus, thar aon ní eile, neamhdhíobhálach don aeráid, do na hEorpaigh uile' a bhfuil Jim ODENHOVEN agus Nils LEHMAN ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Maroš ŠEFČOVIČ*
*Comhalta den Choimisiún*